Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhiráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a bhraithfear míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainiú agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

Déanaim cumarsáid leis an Roinn maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú

inmheánach a shainiú le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscim trí eisceacht i gcás, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais atá curtha i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis sa ráiteas sin neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscim i gcás gurb ann d'ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscim i gcás gurb ann d'aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

## Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

### Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn. Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar a leanas atá an staid i dtaca leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, leis an gcreat um nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú bainistíochta agus le hiniúcháireacht inmheánach.

### Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar an sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

### Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:


- Go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta;
- Go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán;
- Go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn;
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú;
- Go bhfuil treoirínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann;
- Go gcomhlíonann an Roinn na treoirínte ábhartha uile maidir le soláthar agus go gcomhlíonann sí na ciorcláin uile maidir le húsáid éigeantach creat-chomhaontuithe agus creatchonarthaí.

### **Iniúchóireacht Inmheánach**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, rud a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí aige agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa cheadaithe. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a plean bliantúil iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

### **Paindéim Covid-19**

Le teacht phaindéim Covid-19 go luath sa bhliain 2020, tharla athruithe áirithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus ba ghnáthnós é an chianobair don fhoireann ar fad sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn isteach roinnt athruithe i nósanna imeachta agus i rialú. Rinneadh measúnú ar thionchar Covid-19 agus deimhním go leanann rialuithe, idir iad siúd a bhí ann cheana féin agus iad siúd a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19, de bheith éifeachtach.

Sínte: 

Mark Griffin  
Ard-Rúnaí

Dáta: 16 Nollaig 2022



## Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

### 1. Bunús na gCuntas

Bunaíodh an Ciste Comhshaoil leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001. Déantar na fáltais ón tobhach ar dhramhaíl a chur i líonadh talún agus ón tobhach ar mhálaí plaisteacha a mbailíonn na hÚdaráis Áitiúla agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim faoi seach iad a íoc isteach sa Chiste Comhshaoil. Caitear an t-airgead sin ar ghníomhaíochtaí agus tacaí comhshaoil.

Cuimsíonn an Ciste Comhshaoil dhá chuntas bainc agus cuntas infheistíochta amháin. Bhainistigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Ciste Comhshaoil sa bhliain 2021, agus muirearaíodh na costais riaracháin ghaolmhara ar Vóta 29 – Comhshaoil, Aeráid agus Cumarsáid.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an chiste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 i bhfoirm agus ar mhodh a cheadaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

### 2. Beartas Cistiúcháin

Cistítear an Ciste Comhshaoil trí fháltais a thaisceann údaráis áitiúla agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim isteach i gcuntas bainc an chiste. Suas go mí Aibreáin 2021, taisceadh fáltais isteach sa chuntas fáltas (cuntas Uimh. 1), agus aistríodh iarmhéid an chuntais bainc sin chuig cuntas infheistíochta go tráthrialta ansin. Osclaíodh cuntas taisce nua le Danske Bank i mí Aibreáin 2021, agus dúnadh cuntas Uimh. 1 agus an cuntas infheistíochta. Aistríodh an t-iarmhéid sa chuntas infheistíochta chuig an gcuntas taisce nua a shealbhaítear le Danske Bank. Déantar suimeanna is iníochta ón gCiste Comhshaoil a íoc amach as an gcuntas suimeanna iníochta (cuntas Uimh. 2). Aistrítear na cistí riachtanacha ón gcuntas taisce a shealbhaítear le Danske Bank chuig an gcuntas suimeanna iníochta trí chuntas nua íocaíochtaí a shealbhaítear le Danske Bank sula ndéantar aon íocaíochtaí leis na híocaithe ábhartha.

### 3. Ioncam

Aithnítear ioncam an chiste mar a leanas:

- Tá na tobhaigh chomhshaoil ar dhramhaíl a chur i líonadh talún bunaithe ar thonnáiste na dramhaíola a thaisctear i saoráidí poiblí agus príobháideacha líonadh talún ag rátaí arna socrú ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is ar bhonn fabhráithe a aithnítear fáltais ó thobhaigh chomhshaoil.
- Is ionann an t-ioncam ó thobhaigh chomhshaoil agus an tsuim a bhailítear i leith na dramhaíola a taisceadh idir mí Eanáir agus mí na Nollag.
- Gearrtar ús ar íocaíochtaí déanacha ag ráta 0.0322% in aghaidh an lae faoi alt 13(e) den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011. Féadfaidh údaráis áitiúla ús a ghearradh i leith mainneachtainí agus íocaíochtaí déanacha ag oibríteoirí príobháideacha agus féadfaidh siad an t-ús sin a aisghabháil mar fhiachas conartha trí na cúirteanna.

- Féadfaidh údaráis áitiúla suas le 2% (€50,000 ar a mhéad in aghaidh na bliana) a asbhaint ó thobhaigh is iníoctha i leith saoráidí líonadh talún atá faoi oibriú príobháideach agus féadfaidh siad suas le 80% a asbhaint ó thobhaigh is iníoctha i leith saoráidí neamhúdaraithe líonadh talún. Féadfaidh údaráis áitiúla na suimeanna sin a choinneáil chun freastal ar na costais a thabhaíonn siad i leith bailiú agus forfheidhmiú.
- Is ionann an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha a sholáthar agus an tsuim a bhailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim de réir na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach), 2001 (I.R. Uimh. 605 de 2001), arna leasú leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) (Leasú) (Uimh. 2), 2007 (I.R. Uimh. 167 de 2007).
- Is ar bhonn fabhráithe a aithnítear fáltais ó infheistíochtaí.

#### 4. Caiteachas

Aithníodh caiteachas ón gCiste Comhshaoil tar éis don Aire leithdháiltí buiséid a cheadú sa bhliain 2021 de réir alt 74(9) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, ina sonraítear na críocha ar chucu a fhéadfar íocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste Comhshaoil agus ar an mbonn seo a leanas i ndáil leis na réimsí seo:

- Éilíonn comhlachtaí ceadaithe amhail an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla leithdháiltí buiséadaithe i leith taighde agus forbartha, i leith riaracháin agus i leith ranníocaíochtaí comhshaoil náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Cuireann údaráis áitiúla agus eagraíochtaí eile éilimh isteach lena gcomhlíontar coinníollacha na scéimeanna ceadaithe.
- Faightear earraí agus seirbhísí.
- Is ón gCiste Comhshaoil a aisíoctar na costais a thabhaíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i leith an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha a sholáthar a bhailiú, mar atá leagtha amach faoi chomhaontú oibriúcháin agus seirbhíse atá i bhfeidhm le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas

### Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	<u>Nótaí</u>	<b>2021</b> €	<b>2020</b> €
<b><u>Ioncam</u></b>			
Tobhach comhshaoil ar dhramhaíl a chur i líonadh talún	1	8,488,406	6,492,243
Tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha	2	3,355,231	3,885,509
Ús ar infheistíochtaí	3	-	17
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b><u>11,843,637</u></b>	<b><u>10,377,769</u></b>
<b><u>Caiteachas</u></b>			
Tionscnaimh forfheidhmiúcháin	4	4,215,428	6,304,131
Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	5	1,476,198	1,999,574
An clár náisiúnta um dhramhaíl a chosc agus cláir náisiúnta forbartha margaidh	6	-	1,637,554
An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil	7	-	1,355,000
Feasacht ar an gcomhshaoil	8	2,167,000	1,294,074
Dúnadh agus iarchúram líontaí talún	9	-	540,159
Tionscnaimh frithbhruscair	10	1,719,481	397,118
Pleanáil réigiúnach bainistíochta dramhaíola	11	400,000	400,000
Costais a bhaineann leis an tobhach comhshaoil a bhailiú	12	401,844	407,148
An aeráid agus rialú ar aerthruailliú	13	15,655	1,914,772
Eile	14	563,613	180,286
<b>Caiteachas Iomlán</b>	15	<b><u>10,959,219</u></b>	<b><u>16,429,816</u></b>
<b>Barrachas don Bhliain</b>		<b><u>884,418</u></b>	<b><u>(6,052,047)</u></b>

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 7 go 8 agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínithe:



Mark Griffin  
Ard-Rúnaí

Dáta: 16 Nollaig 2022

## Ráiteas faoin Staid Airgeadais

### Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	<u>Nótaí</u>	<b>2021</b> €	<b>2020</b> €
<b><u>Sócmhainní Airgeadais</u></b>			
Infheistíochtaí	16	4,417,732	4,428,736
<b><u>Sócmhainní Reatha</u></b>			
Tobhach ar dhramhaíl a chur i líonadh talún	17	1,269,470	958,402
Tobhach ar mhálaí plaisteacha	18	1,045,308	1,196,561
Réamhíocaíochtaí	19	228,155	-
Banc	20	2,021	101,472
		<u>2,544,954</u>	<u>2,256,435</u>
<b><u>Dlíteanais Reatha</u></b>			
	21		
Costais chomhairleachta a bhaineann le faireachán náisiúnta ar thruailliú		11,981	-
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla		2,041	600
Muirir na gCoimisinéirí Ioncaim i leith an tobhach ar mhálaí plaisteacha a bhailiú		-	407,148
Deontais d'údaráis áitiúla		-	115,000
Tionscnamh frithdhumpála		-	83,177
Aerchailiocht agus an t-athrú aeráide		-	15,000
		<u>14,022</u>	<u>620,925</u>
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<b>2,530,932</b>	<b>1,635,510</b>
<b>Glansócmhainní</b>		<b><u>6,948,664</u></b>	<b><u>6,064,246</u></b>
<b>Arna léiriú ag</b>			
Cúlchistí ag an 1 Eanáir		6,064,246	12,116,293
Barrachas don bhliain		884,418	(6,052,047)
		<b><u>6,948,664</u></b>	<b><u>6,064,246</u></b>

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 7 go 8 agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínte:

Mark Griffin  
Ard-Rúnaí



Dáta: 16 Nollaig 2022

## Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

### Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	2021 €	2020 €
<b>Réiteach an easnamh leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	884,418	(6,052,047)
Ús ar thaiscí a tuilleadh	-	(17)
(Méadú)/laghdú i dtobhaigh atá dlite agus réamhíocaíochtaí	(387,970)	240,021
Méadú/(Laghdú) i speansais fhabhráithe	(606,903)	(533,924)
Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<b>(110,455)</b>	<b>(6,345,967)</b>
<b>Ráiteas faoi shreabhadh airgid</b>		
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(110,455)	(6,345,967)
<b>Toradh ar infheistíochtaí agus fónamh maoiniúcháin</b>		
Ús a tuilleadh	-	17
	<b>(110,455)</b>	<b>(6,345,950)</b>
<b>Réiteach an ghlansreafa airgid leis an ngluaiseacht i nglanchistí</b>		
Athruithe i nglanchistí de bharr sreabhadh airgid		
Glanchistí i dtús na bliana	4,530,208	10,876,158
Glanchistí ag deireadh na bliana	4,419,753	4,530,208
Méadú/(Laghdú) in airgead sa bhliain	<b>(110,455)</b>	<b>(6,345,950)</b>

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 7 go 8 agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínte: 

Mark Griffin  
Ard-Rúnaí

Dáta: 16 Nollaig 2022

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Tobhach comhshaoil ar dhramhaíl a chur i líonadh talún

Is é seo an tobhach comhshaoil ar dhramhaíl a chur i líonadh talún is infhaighte ó údaráis áitiúla, glan ar aon suimeanna a choinníonn siad faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil), 2011. Tá sé sin achoimrithe mar a leanas:

	2021	2020
	€	€
<b>Líontaí talún atá faoi oibriú príobháideach</b>		
Tobhach ar dhramhaíl a chur i líonadh talún	8,637,956	6,602,719
Ús i leith íocaíochtaí déanacha	-	-
Costais riaracháin na n-údarás áitiúil	(150,000)	(104,771)
	<u>8,487,956</u>	<u>6,497,948</u>
<b>Líontaí talún atá faoi oibriú ag Údaráis Áitiúla</b>		
Tobhach ar dhramhaíl a chur i líonadh talún	-	-
Ús i leith íocaíochtaí déanacha	-	(5,705)
	<u>-</u>	<u>(5,705)</u>
<b>Líontaí talún neamhúdaraithe</b>		
Tobhach ar dhramhaíl a chur i líonadh talún	2,250	-
Costais riaracháin na n-údarás áitiúil	(1,800)	-
	<u>450</u>	<u>0</u>
	<u><b>8,488,406</b></u>	<u><b>6,492,243</b></u>

### 2. Tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha

Is é seo an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha is infhaighte ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i leith ioncam a bhailítear trí mhálaí plaisteacha a dhíol.

### 3. Ús ar infheistíochtaí

Is é seo an t-ús a thuilltear ar an infheistíocht a rinneadh sa Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe sa bhliain 2020 trí úsáid a bhaint as fáltais ón tobhach ar dhramhaíl a chur i líonadh talún agus ón tobhach ar mhálaí plaisteacha. Níor tuilleadh aon ús sa bhliain 2021 ón infheistíocht a sealbhaíodh sa Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe suas go mí Aibreáin 2021 ná ón infheistíocht a sealbhaíodh le Danske Bank ó mhí Aibreáin 2021 ar aghaidh.

#### 4. Tionscnaimh forfheidhmiúcháin

Soláthraítear cistiú forfheidhmiúcháin chun tacú le líonra oifigeach forfheidhmiúcháin dramhaíola údaráis áitiúil a earcú agus a fhostú faoin Scéim um Bearta Forfheidhmiúcháin Údaráis Áitiúil agus le hobair na bPríomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola. Soláthraítear cistiú forfheidhmiúcháin freisin chun tacú le húdaráis áitiúla aonair tabhairt faoi bhearta forfheidhmiúcháin dramhaíola in aghaidh oibritheoirí a bhfuil drochamhras ann go mbíonn siad ag gabháil do dhramhaíl neamhdhleathach ar mhórscála agus chun tacú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na rialacháin nua um dhramhaíl bonn a fhorfheidhmiú.

Soláthraítear leis an gceannteideal seo freisin cistiú do thionscnaimh frithdhumpála agus do chaiteachas a bhaineann le hOifigí Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola.

	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Cistiú forfheidhmiúcháin		
An Scéim um Bearta Forfheidhmiúcháin Údaráis Áitiúil	208,293	1,995,524
Príomhúdaráis Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola	960,486	933,418
Cistiú eile forfheidhmiúcháin	-	228,983
Tionscnaimh frithdhumpála	2,915,233	3,023,750
Oifigí Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola	131,416	122,456
	<b><u>4,215,428</u></b>	<b><u>6,304,131</u></b>

Tháinig laghdú ar chaiteachas ar bhearta forfheidhmiúcháin Údaráis Áitiúil sa bhliain 2021, rud a léiríonn an méadú sa leithdháileadh ó Vóta 29 – Comhshaoil, Aeráid agus Cumarsáid ar an réimse beartais sin ón mbliain 2021 i leith. Soláthraíodh €12.363 milliún ón Vóta faoi Fho-mhírcheann E10 sa bhliain 2021 (2020: €5.62 milliún).

#### 5. Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Is ionann an figiúr seo agus na ranníocaíochtaí náisiúnta éigeantacha agus deonacha a dhéanann Éire le heagraíochtaí a phléann leis an gcomhshaoil a chosaint. Tá siad sin achoimrithe mar a leanas:

	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Eagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíochta	-	568,858
An beartas um radaíocht comhshaoil	1,476,198	1,430,716
	<b><u>1,476,198</u></b>	<b><u>1,999,574</u></b>

## 6. An clár náisiúnta um dhramhaíl a chosc agus clár náisiúnta forbartha margaidh

Tá caiteachas faoin gceannteideal seo achoimrithe mar a leanas:

	2021	2020
	€	€
An clár náisiúnta um dhramhaíl a chosc	-	1,637,424
Comhairleacht maidir leis an mbeartas dramhaíola	-	130
	<u>-</u>	<u>1,637,554</u>

## 7. An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil

Leis an gcistiú seo, tacaítear le gníomhaíochtaí laistigh den Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil, lena n-áirítear líonrú agus tathant. Tacaíonn na gníomhaíochtaí sin le hÉirinn leanúint le reachtaíocht comhshaoil an Aontais Eorpach agus reachtaíocht comhshaoil náisiúnta a fhorfheidhmiú.

## 8. Feasacht ar an gcomhshaoil

Is ionann an figiúr seo agus caiteachas ar fheasacht ar an gcomhshaoil a mhéadú agus ar fhothú acmhainneachta i measc Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Comhshaoil. Tá sé sin achoimrithe mar a leanas:

	2021	2020
	€	€
Líonra Comhshaoil na hÉireann – croíchistiú/cistiú le haghaidh fothú acmhainneachta agus tionscadal	1,764,000	1,060,000
<i>Cúnamh deontais</i>		
Scoileanna glasa	200,000	200,000
Gradaim na gcomhshaoilaithe óga	90,000	30,000
An Biúró Eorpach Comhshaoil	5,000	-
Gradaim ghlasa	100,000	-
Feasacht ar Choinbhinsiún Aarhus	3,000	4,074
Eacnamaí óg na bliana	5,000	-
	<u>2,167,000</u>	<u>1,294,074</u>



## 9. Dúnadh agus iarchúram líontaí talún

Leis an gcistiú seo, tacaítear le húdaráis áitiúla tabhairt faoi obair a bhaineann le láithreáin líonadh talún a dhúnadh agus freastal ar na costais ghaolmhara iarchúraim. Tá caiteachas faoin mbeart seo teoranta do láithreán amháin, mar atá láithreán líonadh talún Chill Chonaill i nGaillimh. Tá sé ar leithligh ón gclár feabhsúcháin líontaí talún a chistítear faoin Vóta, ar clár é a bunaíodh chun tacú le clár oibreacha a raibh i gceist leis láithreáin líonadh talún a sainaithníodh sna pleananna réigiúnacha bainistíochta dramhaíola don tréimhse 2015 – 2021 a fheabhsú.

	2021	2020
	€	€
Comhairle Contae na Gaillimhe - láithreán líonadh talún Chill Chonaill	-	540,159
	<u>-</u>	<u>540,159</u>

Is ó Vóta 29 – Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid atá cistiú ar an mbeart seo á leithdháileadh ón mbliain 2021 i leith.

## 10. Tionscnaimh frithbhruscair

Is ionann an figiúr seo agus caiteachas ar raon tionscnamh éagsúil, lena n-áirítear iad seo a leanas:

	2021	2020
	€	€
Deontais feasachta frithbhruscair d'údaráis áitiúla	1,414,472	115,000
An glantachán náisiúnta earraigh	211,007	225,000
An córas náisiúnta faireacháin ar thruailliú ó bhruscar	60,483	23,555
Sraith náisiúnta bruscair Irish Business Against Litter	33,519	33,563
	<u>1,719,481</u>	<u>397,118</u>

## 11. Pleanáil réigiúnach bainistíochta dramhaíola

Is ionann an figiúr seo agus na híocaíochtaí a rinneadh sa bhliain 2020 chun tacú le trí phríomhúdarás réigiúnacha um pleanáil bainistíochta dramhaíola, a bunaíodh chun comhordú agus cur chun feidhme na dtrí Phlean Bainistíochta Dramhaíola 2015-2021 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2015 a fhorghaoirsiú agus chun tacú le bailiúcháin aon lae ar dhramhaíl ghuaiseach ó shealbhóirí tí.

	2021	2020
	€	€
Deontas d'oifigí réigiúnacha um pleanáil bainistíochta dramhaíola	400,000	400,000
	<u>400,000</u>	<u>400,000</u>

## 12. Costais a bhaineann leis an tobhach comhshaoil a bhailiú

Is ionann an figiúr seo agus an táille bhliantúil seirbhíse a comhaontaíodh le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim i leith an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha a sholáthar a oibriú.

## 13. An aeráid agus rialú ar aerthruailliú

Is ionann an figiúr seo agus caiteachas a thabhaítear ar an mbeartas um athrú aeráide a fhorbairt agus a chur chun feidhme, mar aon le cistiú le haghaidh bearta a bhfuil mar aidhm leo truailliú torainn/aerthruailliú a laghdú. Tá sé sin achoimrithe mar a leanas:

	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Maolú aeráide	15,655	78,068
Rialú ar aerthruailliú/truailliú torainn	-	32,925
Oifigí réigiúnacha um ghníomhú ar son na haeráide	-	1,803,779
	<b>15,655</b>	<b>1,914,772</b>

Is ó Vóta 29 – Comhshaoil, Aeráid agus Cumarsáid atá cistiú le haghaidh bearta beartais aerchálíochta a chur chun feidhme agus le haghaidh na nOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide á leithdháileadh ón mbliain 2021 i leith.

## 14. Eile

Is ionann an figiúr seo agus caiteachas ar roinnt tionscnamh éagsúil eile, atá achoimrithe mar a leanas:

	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Dramhaíl a chosc	353,464	81,922
An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach	99,967	75,628
Inbhuanaitheacht comhshaoil idirnáisiúnta	50,000	-
Taighde ar am oibre a laghdú	-	-
Tionscnaimh freagrachta táirgeora	7,500	-
Táillí bainc	259	1,648
	<b>563,613</b>	<b>180,286</b>

## 15. Caiteachas Iomlán

Is féidir an caiteachas iomlán ón gCiste Comhshaoil a achoimriú mar a leanas:

	2021	2020
	€	€
An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	-	2,995,934
Cláir agus tionscnaimh údaráis áitiúil	6,029,899	9,188,855
Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	3,435,198	1,999,574
Eile	1,494,122	2,245,453
	<b>10,959,219</b>	<b>16,429,816</b>

Ba ó Vóta 29 – Comhshaoil, Aeráid agus Cumarsáid a leithdháileadh an cistiú ar fad a theastaigh ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil sa bhliain 2021.

## 16. Infheistíochtaí

Ag an 1 Eanáir 2021, bhí na cistí thíos i gcuntas infheistíochta a sealbhaíodh leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe. I mí na Bealtaine 2021, dúnadh an cuntas infheistíochta a sealbhaíodh leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus, faoi chreat baincéireachta an Rialtais, aistríodh an t-iarmhéid chuig cuntas taisce nua a shealbhaítear le Danske Bank.

	2021	2020
	€	€
Infheistíochtaí	4,417,732	4,428,736
	<b>4,417,732</b>	<b>4,428,736</b>

## 17. Tobhach comhshaoil ar dhramhaíl a chur i líonadh talún

Ba mar a leanas a bhí na suimeanna a bhí dlite don Chiste Comhshaoil ó údaráis áitiúla ag an 31 Nollaig:

	2021	2020
	€	€
Tobhach ar líontaí talún atá faoi oibriú príobháideach	1,269,320	957,981
Ús i leith íocaíochtaí déanacha	-	421
	<b>1,269,320</b>	<b>958,402</b>
Tobhach ar líontaí talún neamhúdaraíthe	150	-
	<b>1,269,470</b>	<b>958,402</b>

## 18. Tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha

Is ionann é seo agus glandliteanas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i leith an Chiste Comhshaoil ag an 31 Nollaig.

	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	€	€
Ioncam atá dlite ón tobhach ar mhálaí plaisteacha	1,045,308	1,196,561
	<u><b>1,045,308</b></u>	<u><b>1,196,561</b></u>

I mí an Mheithimh 2019, dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach d'achomharc ó shreang mhór ollmhargaí i ndáil le measúnuithe cánach dar luach €36.5m a bhain le tobhaigh neamhbhailithe ar mhálaí plaisteacha áirithe thar thréimhse ceithre bliana idir 2004 agus 2008. Cé go bhfuil sé de chumhacht ag na Coimisinéirí Ioncaim an tobhach a aisghabháil anois, níor cinneadh uainiú ná luach beacht na haisghabhála go fóill. Táthar ag súil leis gur dliteanas suntasach a bheidh sa tsocraíocht deiridh, rud a bheidh dlite don Chiste Comhshaoil.

## 19. Réamhíocaíochtaí

	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	€	€
Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta		
- An beartas um radaíocht comhshaoil	228,155	-
	<u><b>228,155</b></u>	<u>-</u>

## 20. Banc

Is ionann é seo agus an t-iarmhéid i gcuntais bhainc an Chiste Comhshaoil (cuntas fáltas Uimh 1 agus cuntas íocaíochtaí Uimh. 2) ag an 31 Nollaig. Dúnadh cuntas fáltas Uimh. 1 le linn na bliana 2021, agus taisctear fáltas isteach i gcuntas nua a shealbhaítear le Danske Bank anois.

	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	€	€
Iarmhéid sa chuntas fáltas	-	100,000
Iarmhéid sa chuntas íocaíochtaí	2,021	1,472
	<u><b>2,021</b></u>	<u><b>101,472</b></u>

## 21. Dlíteanais Reatha

Ba mar a leanas a bhí speansais fhabhraithe ag an 31 Nollaig:

	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Costais chomhairleachta a bhaineann leis an gcóras náisiúnta faireacháin ar thruaillíú	11,981	-
	2,041	600
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla		
Muirir na gCoimisinéirí Ioncaim i leith an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha a bhailiú	-	407,148
	-	115,000
Deontais d'údaráis áitiúla	-	83,177
Tionscnaimh frithdhumpála	-	15,000
Maolú aeráide		
	<b>14,022</b>	<b>620,925</b>